

GAELSCOIL SHLIABH RUA

Cód Iompair



Cuireadh an Cód Iompair seo le chéile ag baint úsáid as 'Cód Iompair a Fhorbairt: treoirínite i gcomhair Scoileanna' foilsithe ag Bord Náisiúnta Leasa Oideachais i 2008.

Rialacha Órga

Tá cód iompar na scoile bunaithe ar na rialacha seo a leanas:

- Bíonn muid séimh
- Bíonn muid cineálta
- Bíonn muid macánta
- Bíonn muid ag éisteacht
- Bíonn muid ag obair go dian

Sainspiorad na Scoile:

Cuireann Gaelscoil Shliabh Rua oideachas d'ardchaighdeán ar fáil trí Ghaeilge in atmaisféar cothrom, spreagúil agus dearfach. Cuirtear an-bhéim ar fhéinmheas agus ar fhéinmhuinín an duine óig a fhorbairt.

Aidhm an Chóid:

Is í aidhm an chóid ná cuidiú linn mar phobal scoile deá-iompar agus foghlaim éifeachtach a chothú ar scoil.

Cuidíonn an Cód Iompair le múinteoirí agus baill foirne eile, le paistí agus le tuismitheoirí oibriú lena chéile chun scoil éifeachtach, shlán agus shona a chruthú.

Prionsabail an Chóid:

- Bheith soiléir.
- A dhearbhu go bhfuil iompar gach duine tábhachtach.
- dea-iompar a chur chun cinn.

- Riachtanais a chothromú.
- Tuiscint go mbíonn caidrimh rí thábhachtach.
- Fócas ar fhreagracht phearsanta.
- Cothroime agus comhionannas a chinntiú.
- Comhionannas a chur chun cinn.
- Soghontacht oideachais a aithint.
- Freastal ar leas na bpáistí.
- Freastal ar leas na bhfoirne.
- Sábháilteacht agus saoirse ó bhagairtí a chinntiú.

Straitéisí chun dea-iompar a dhearbhú agus a chur chun cinn:

Bíonn dea-iompar mar thoradh ar fhoghlaim éifeachtach agus ar dhea-chaidrimh agus bíonn tionchar aige ar an gcaoi ina bhfoghlaímíonn páistí. Is dualgas proifisiúnta é dualgas cúraim an mhúinteora, rud a léiríonn oiliúint, scil agus eolas an mhúinteora.

Tuigimid i nGaelscoil Shliabh Rua go gcuidíonn barr feabhais bhainistiú na scoile agus teagaisc sa seomra ranga le foghlaim agus le forbairt iomlán na scoile. Baintear é seo amach tríd;

- Comhsheasmhacht
- Soiléireacht
- Cumarsáid
- Comhoibriú

Aithnítear go bhfuil páistí éagsúil le chéile agus déantar gach iarracht freastal ar na riachtanais difriúla .

Straitéisí le dea-iompar a chur chun cinn:

(Tá cáilíocht na gcaidreamh idir mhúinteoirí agus pháistí ar an tionchar is cumhachtaí ar iompar na bpáistí.)

- Idirghníomhaíocht dearfacha idir na múinteoirí, na páistí agus na tuismitheoirí.
- Treoracha agus rialacha soiléire do gach duine.
- Cuidiú leis na páistí dea-iompar foghlama a aithint agus a dhearbhú.
- Na páistí a chur san áireamh in ullmhú rialacha scoile agus seomraí ranga.

I nGaelscoil Shliabh Rua tá se inghlactha go;

- labhraítear Gaeilge i gcónaí.
- léirítear meas orainn féin agus ar a chéile i gcónaí.
- gcaitear go béasach lena chéile i gcónaí.

Rialacha Scoile i dtaobh sábháilteachta :

1. Tá cead ag páistí fáinní cluasa beaga agus uaireadóir a chaitheamh ar scoil.
2. Níl mór do pháistí gruaig fhada a cheangail siar.
3. Fágann na páistí a bhfóin múchta agus iad ar scoil. Má tharlaíonn sé glaoitear ar bhfón i rith am scoile, tógfar ón bpáiste é, agus beidh ar an tuismitheoir teacht isteach chun é a bhailiú ón oifig.
4. Caitheann na páistí éide scoile cheart gach lá.
5. Níl cead ag na páistí smideadh a chaitheamh ar scoil.
6. Tagann na páistí ar scoil agus imíonn na páistí ón scoil in am.
7. Níl cead bheith ag rith seachas faoi chúram an mhúinteora.

Córas Luaíochtaí:

Cuirtear córas scoile chomh maith le córas ranga i bhfeidhm. Úsáidtear am órga tríd na scoile chun dea-iompar a spreagadh.

Am Órga:

Faigheann gach páiste am órga ar feadh 20 nóiméad gach Aoine. Is éard atá i gceist le seo ná, tógann na páistí bréagáin amháin isteach ón mbaile agus faigheann siad 20 nóiméad am breise mar rang chun súgradh. Má bhriseann páiste aon cheann de na rialacha órga i rith na seachtaine, caileann siad 1 nóiméad den am seo. Bíonn orthu seasamh ar an imeall don tréimhse.

Toisc gut Gaelscoil sinn, cuirtear an -bhéim ar an nGaeilge agus tá ‘Duais na Gaelige’ agus ‘Gaeilgeoir na Seachtaine’ i bhfeidhm againn chomh maith (féach ar bPolaisí na Gaeilge). Cuireann siad leis an gCód Iompair

Straitéisí sa Scoil Uile:

Coinnítear taifead d’iompair do-ghlactha sa scoil. Úsáidtear an taifead seo chun clár idirghabhála a chur le chéile le hionchur múinteoirí, tuismitheoirí agus an phríomhoide.

Athrú Iompair:

Tuigimid gur féidir athrú teacht ar iompar páiste. Is féidir le múinteoirí agus le tuismitheoirí tionchar a bheith acu ar roinnt do na tosca a bhaineann le cumas páistí chun a n-iompar a athrú.

Úsáid Smachtbhannaí:

Is idirghabháil dhearfach é an smachtbhanna.

Smachtbhannaí na Scoile:

1. Cuirtear an múinteoir in iúl ó bhéal go bhfuil iompar an pháiste do-ghlactha.
2. Scartar an páiste ón ngrúpa taobh istigh den suíomh ina bhfuil siad.
3. Cuirtear an páiste ina seasamh i leataobh le linn am chlóis.

4. Caitheann an páiste seal i seomra ranga eile.
5. D'fhéadfaí a iarraidh ar an bpáiste obair nach bhfuil déanta de bharr drochiompair a dhéanamh le linn am scoile nó sa bhaile.

Córas na gCártaí (Rang 1 ar aghaidh):

Braitheann an ghné seo den chód ar thuiscint ar, chomhoibriú agus ar chumarsáid idir múinteoirí agus tuismitheoirí.

Is córas é agus tosaítear ag tús gach scoilbhliana.

Tugtar cárta bán do pháiste mar thoradh ar iompar mí-sháisiúl, ar na cúiseanna seo:

1. Iompar sa rang / scoil
2. Iompar sa chlós
3. Iarracht ranga
4. Léiriú meas ar fhoireann na scoile
5. Léiriú meas ar chomhdhaltaí
6. Léiriú meas ar mhaoin scoile.
7. eile

Tar éis don pháiste an tríú cárta bán a fhail, tugtar cárta buí dó. Ag an bpointe seo eagraítear cruinniú idir an páiste, an tuismitheoir agus an príomhoide chun clár idirghabhála a phlé.

Leantar an córas seo faoi thrí. Ag an tríú babhta tugtar cárta dearg don dalta in áit an chárta buí. Ciallaíonn an cárta dearg go bhfuil an páiste curtha ar fionraí agus cuirtear na tuismitheoirí ar an eolas i scríbhinn.

Tá sé de cheart ag an scoil cárta buí nó cárta dearg a thabhairt amach láithreach i gcásanna tromchúiseacha amháin.

Tá an t-údarás ag an mBord Bainistíochta páiste a dhíbirt ón scoil. Sa chás seo tugtar deis do na tuismitheoirí agus don pháiste freagra a thabhairt. Tá sá de chead ag aon tuismitheoir achomhairc Section 29 a chuir chuig an Roinn Oideachas agus Scileanna sa chás go caileann pháiste níos mó na 20 lá in aon scoilbhliain amháin.

Samplaí de Mhí-lompar Tromchúiseacha:

- Foréigean
- Drugaí / alcól
- Iompar tromchúiseach eile.

An Cód Iompair a chur i ngníomh:

Cuirtear gach tuismitheoir ar an eolas faoin gCód seo le linn an Phróisis Clárúcháin agus deirtear go minic ag cruinnithe tuismitheoirí go bhfuil sé ar fáil sa Scoil chomh maith leis na Polasaithe eile.

Tá Próiseas Gearáin i bhfeidhm sa Scoil agus cuirtear na tuismitheoirí ar an eolas faoi go minic.